Parlaimint na hEorpa
2024 - 2029

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

2025/2133(INI)

17.7.2025

DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar aghaidh a thabhairt ar shlabhraí fochonraitheoireachta agus ról idirghabhálaithe chun cearta oibrithe a chosaint
(2025/2133(INI))

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

Rapóirtéir: Johan Danielsson

PR_INI

Clár

Leathanach

TAIRISCINT i gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 9

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR 11

TAIRISCINT i gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir le haghaidh a thabhairt ar shlabhraí fochonraitheoireachta agus ról idirghabhálaithe chun cearta oibrithe a chosaint
(2025/2133(INI))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta,

– ag féachaint do Threoir 96/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1996 maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar[1], arna leasú le Treoir (AE) 2018/957,

– ag féachaint do Threoir 2014/67/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le forfheidhmiú Threoir 96/71/CE maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 maidir le comhar riaracháin trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (‘Rialachán IMI’)[2],

– ag féachaint do Threoir 2011/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2002/629/CGB ón gComhairle, arna leasú le Treoir (AE) 2024/1712[3],

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhme agus cur chun feidhme Threoir (AE) 2018/957 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Meitheamh 2018 lena leasaítear Treoir 96/71/CE maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar (COM(2024)0320),

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoimisiún an 26 Bealtaine 2025 dar teideal *Evaluation of the European Labour Authority (ELA)* [Meastóireacht ar an Údarás Eorpach Saothair’ (COM(2025)0256),

– ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2020 dar teideal *EU strategic framework on health and safety at work 2021-2027 Occupational safety and health in a changing world of work* [Creat straitéiseach AE maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair 2021-2027 Sábháilteacht agus sláinte cheirde i saol oibre atá ag athrú] (COM(2021)0323), lena n-áirítear an cur chuige ‘Fís Nialais’ i leith básanna a bhaineann leis an obair in AE,

– ag féachaint don fhoilseachán ón gCoimisiún i mBealtaine 2020 dar teideal *Making Socially Responsible Public Procurement Work — 71 Good Practice Cases* [Soláthar

[1] IO L 18, 21.1.1997, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1996/71/oj.
[2] IO L 159, 28.5.2014, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/67/oj.
[3] IO L 101, 15.4.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/36/oj.

Poiblí atá Freagrach go Sóisialta a Chur i gCrích — 71 Chás Dea-Chleachtais] [4],

– ag féachaint do thuarascáil an Údaráis Eorpaigh Saothair 2025 dar teideal *Posting of third-country nationals*: *Contracting chains, recruitment patterns, and enforcement issues* [Postú náisiúnach tríú tír: Slabhraí conarthacha, patrúin earcaíochta, agus saincheisteanna forfheidhmiúcháin][5],

– ag féachaint do thuarascáil an Údaráis Eorpaigh Saothair i bhFeabhra 2023 dar teideal *Cooperation practices, possibilities and challenges between Member States – specifically in relation to the posting of third-country nationals* [Cleachtais chomhair, féidearthachtaí agus dúshláin idir na Ballstáit — go sonrach i ndáil le náisiúnaigh tríú tír a phostú][6],

– ag féachaint do thuarascáil Europol i mí na Nollag 2024 dar teideal *Leveraging legitimacy: How the EU's most threatening criminal networks abuse legal business structures* [Dlisteanacht a ghiaráil: Conas a bhaineann líonraí coiriúla is bagraí AE mí-úsáid as struchtúir dhlíthiúla ghnó],

– ag féachaint d'Airteagal 10 de Threoirlínte na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le prionsabail ghinearálta na cigireachta saothair,

– ag féachaint do Choinbhinsiún EIS maidir le Gníomhaireachtaí Fostaíochta Príobháideacha (Coinbhinsiún Uimh. 181, 1997),

– ag féachaint do Choinbhinsiún EIS maidir leis an tSábháilteacht agus an tSláinte san Fhoirgníocht (Coinbhinsiún Uimh. 167, 1988),

– ag féachaint do rún uaithi an 25 Samhain 2021 maidir le pas slándála sóisialta Eorpach a thabhairt isteach chun forfheidhmiú digiteach na gceart slándála sóisialta agus na soghluaisteachta cothroime a fheabhsú[7],

– ag féachaint do rún uaithi an 13 Márta 2025 maidir le gnéithe sóisialta agus fostaíochta na bpróiseas athstruchtúraithe: an gá atá le poist agus cearta oibrithe a chosaint[8],

– ag féachaint do rún uaithi an 18 Eanáir 2024 maidir leis an athbhreithniú ar shainordú an Údaráis Eorpaigh Saothair[9],

– ag féachaint do Dhearbhú La Hulpe maidir le Todhchaí Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta ón 16 Aibreán 2024,

– ag féachaint do thuarascáil Enrico Letta an 17 Aibreán 2024 dar teideal *Much more than a Market – speed, security, solidarity: empowering the Single Market to deliver a sustainable future and prosperity for all EU Citizens* [Margadh Thar an gCoitiantacht - luas, slándáil, dlúthpháirtíocht: an Margadh Aonair a chumhachtú chun todhchaí

[4] https://data.europa.eu/doi/10.2826/844552.
[5] https://www.ela.europa.eu/sites/default/files/2025-03/ELA-posting-third-country-nationals-report.pdf.
[6] https://www.ela.europa.eu/sites/default/files/2023-04/ela-report-posting-third-country-nationals.pdf.
[7] IO C 224, 8.6.2022, lch. 81..
[8] IO C, C/2025/3156, 20.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/3156/oj.
[9] IO C, C/2024/5741, 17.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/5741/oj.

inbhuanaithe agus rathúnas a bhaint amach do shaoránaigh uile an Aontais] (tuarascáil Letta),

– ag féachaint do pháipéar seasaimh an 14 Feabhra 2025 ón Ísiltír, ón mBeilg, ón Danmhairg, ón nGearmáin, ón Iodáil, ón Laitvia agus ó Lucsamburg maidir le tosaíochtaí beartais an Aontais don Choimisiún 2024-2029 agus náisiúnaigh tríú tír a phostú go cothrom,

– ag féachaint do straitéisí náisiúnta chun dúshaothrú saothair, saothar éigeantais agus obair neamhdhearbhaithe a chomhrac[10],

– ag féachaint do Riail 55 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta (A10-0000/2025),

A. de bhrí gur dúshlán forleathan agus práinneach é dúshaothrú agus mí-úsáid saothair i margadh saothair AE, a léirítear faoi théarmeolaíochtaí éagsúla, lena n-áirítear coireacht a bhaineann leis an obair, obair neamhdhearbhaithe, an geilleagar liath, dumpáil shóisialta, dúshaothrú saothair agus sclábhaíocht nua-aimseartha, ach gan a bheith teoranta dóibh;

B. de bhrí go dtugann Europol chun suntais go n-úsáideann 86% de na líonraí coiriúla is bagraí struchtúir dhlíthiúla ghnó mar chuid dá ngníomhaíocht choiriúil;

C. de bhrí gur athróg choiteann i bhformhór na n-earnálacha atá i mbaol ard dúshaothraithe saothair é déine ard saothair mar aon le spleáchas ar shlabhraí fochonraitheoireachta fada agus casta, idirghabhálaithe saothair maslacha a bheith ann chomh maith le bheith ag brath go mór ar oibrithe ar phostú, ar oibrithe taistil AE agus ar náisiúnaigh tríú tír;

D. de bhrí, de réir ELA, go bhfuil méadú ag teacht ar phostú náisiúnach tríú tír, agus gur náisiúnach tríú tír duine as gach ceathrar oibrithe ar phostú in 2022;

E. de bhrí gur cleachtas dea-fheidhmiúil agus tábhachtach í an fhochonraitheoireacht i mórán earnálacha, lena n-éascaítear rochtain ar shaineolas speisialaithe; de bhrí gur féidir le slabhraí fochonraitheoireachta fada agus casta, áfach, rioscaí a mhéadú a bhaineann le calaois, insíothlú coiriúil, sláinte agus sábháilteacht cheirde oibrithe, agus le hiomaíocht éagórach d'fhiontair, go háirithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna);

F. de bhrí gur ghlac roinnt Ballstát reachtaíocht ina dteorannaítear fad na slabhraí fochonraitheoireachta in earnálacha áirithe; de bhrí go measann an Coimisiún gur dea-

[10] Féach, mar shampla: Aireacht Saothair agus Gnóthaí Sóisialta Chónaidhm na Gearmáine Nationaler Aktionsplan gegen Arbeitsausbeutung und Zwangsarbeit (2025); Aireacht Saothair agus Beartas Sóisialta na hIodáile, Piano nazionale per la lotta al lavoro sommerso (2022); Aireacht Chuimsithe, Slándála Sóisialta agus Imirce na Spáinne Plan de Acción contra el Trabajo Forzoso (2021); Nationell strategi mot arbetslivskriminalitet Rialtas na Sualainne (2022) agus ina theannta sin: Strategi mot arbeidslivskriminalitet Rialtas na hIorua (2021).

chleachtas do na Ballstáit é teorannú leis na leibhéil fochonraitheoireachta agus dliteanas fochonraitheoireachta a leathnú chun an tslabhra iomláin; de bhrí go bhfuil fiontair ann chomh maith a chuir srian deonach le fad a slabhraí fochonraitheoireachta;

G. de bhrí nach sainmhínítear cleachtas na hidirghabhála saothair sa dlí agus gur mó foirm a d'fhéadfadh a bheith ann, ó chuideachtaí seanbhunaithe móra go hearcaitheoirí aonair, bróicéirí neamhfhoirmiúla agus fiú cinn feadhna;

H. de bhrí gur minic a úsáidtear idirghabhálaithe saothair nach bhfuil cláraithe, ceadúnaithe ná deimhnithe chun an dlí saothair agus freagracht an fhostóra a cheilt agus dul timpeall orthu;

I. de bhrí go bhféadfadh an próiseas chun slabhraí fochonraitheoireachta agus idirghabhálaithe saothair a rialáil ar an leibhéal náisiúnta a bheith fada agus deacair do na Ballstáit, go háirithe toisc débhríochtaí dlíthiúla a eascraíonn as rialacha an mhargaidh inmheánaigh;

Dúshaothrú saothair a chosc

1. á chur i bhfáth gur gá cur chuige cuimsitheach Eorpach i leith dúshaothrú saothair i gcoitinne, agus cineálacha maslacha fochonraitheoireachta agus idirghabhála saothair go háirithe, agus á iarraidh, mar sin, go mbeadh straitéis Eorpach ann chun dúshaothrú saothair a chomhrac;

2. á chur in iúl gur oth léi an easpa soiléireachta dlíthiúla maidir leis an seans do na Ballstáit slabhraí fochonraitheoireachta fada agus casta a rialáil; á iarraidh ar an gCoimisiún a shoiléiriú nach gcoisctear na Ballstáit le rialacha mhargadh inmheánach AE reachtaíocht a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar shlabhraí fochonraitheoireachta fada agus casta, lena n-áirítear caidrimh fostaíochta dhíreacha a éileamh in earnálacha ardriosca, i gcás inarb indéanta agus ina bhfuil údar cuí leis le fianaise;

3. ag athdhearbhú a hiarrata[11] ar an gCoimisiún treoir réime a bhreithniú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le cineálacha maslacha fochonraitheoireachta agus idirghabhála saothair san Eoraip agus go dtabharfaí isteach leis an treoir réime sin creat dlíthiúil ginearálta, ina dteorannófar fochonraitheoireacht agus ina n-áiritheofar dliteanas comhpháirteach agus leithleach ar fud an tslabhra fochonraitheoireachta, chomh maith le bearta a thabhairt isteach ina rialófar ról agus freagrachtaí idirghabhálaithe saothair, seachas gníomhaireachtaí oibre sealadacha;

4. ag cur béim ar an bhfíoras gur minic a thionscain comhpháirtithe sóisialta, lena n-áirítear ionadaithe FBManna, beartais náisiúnta agus réigiúnacha chun leibhéil na fochonraitheoireachta a theorannú; á iarraidh ar an gCoimisiún tograí a chur ar aghaidh chun riail ghinearálta a leagan síos ina dteorannófar fochonraitheoireacht go dtí dhá leibhéal ar a mhéid faoi bhun an phríomhchonraitheora d'earnálacha ina bhfuil ardriosca dúshaothraithe saothair; á chur i bhfáth gur cheart gurbh í freagracht na nBallstát, i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta, earnálacha ardriosca náisiúnta a shainaithint agus próiseas a bhunú chun imeacht ón riail ghinearálta, i gcás ina bhfuil údar cuí leis;

[11] Rún an 13 Márta 2025.

5. ag tabhairt dá haire go bhféadfadh ionaid oibre ilroinnte agus nochtadh níos mó oibrithe d'uaireanta níos faide, pá níos ísle agus neamhshláine post a bheith mar thoradh ar úsáid mhéadaitheach na fochonraitheoireachta i gcás príomhghníomhaíochtaí gnó; á iarraidh, i ndáil leis sin, ar an gCoimisiún cóir chomhionann d'obair chomhionann a áirithiú agus fostaíocht dhíreach a chur chun cinn in earnálacha ina bhfuil na rioscaí sin;

6. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an easpa soiléireachta dlíthiúla maidir leis an idirdhealú idir fíorphostuithe agus postuithe calaoiseacha náisiúnach tríú tír; á iarraidh ar an gCoimisiún, i gcomhréir le tuarascáil Letta, athbhreithniú a dhéanamh ar dhúshláin forfheidhmiúcháin agus an tionscnamh iomchuí a ghlacadh chun bearnaí reachtacha sainaitheanta a dhúnadh;

7. á chur i bhfáth gur gá idirghabhálaithe mhargadh an tsaothair a rialáil ar shlí níos fearr; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go gclúdófar idirghabhálaithe saothair atá ag feidhmiú in AE le scéimeanna clárúcháin agus ceadúnúcháin agus , i gcomhréir le Coinbhinsiún EIS Uimh. 181, aon táillí nó costais ar oibrithe a thoirmeasc a ghearrann idirghabhálaithe saothair, go díreach nó go hindíreach, go hiomlán nó go páirteach;

Forfheidhmiú agus rialú

8. á chur i bhfáth gur gá córais éifeachtúla agus dea-acmhainní le haghaidh forfheidhmiú agus rialú chun dúshaothrú saothair a chomhrac; á chur in iúl gur geal léi an tuarascáil mheastóireachta ón gCoimisiún ar ELA agus á iarraidh an athuair[12] ar an gCoimisiún sainordú ELA a neartú;

9. á mheabhrú go leagtar síos cheana le Treoir 2006/22/CE[13] íosrialacha chun comhlíonadh na reachtaíochta sóisialta in iompar de bhóthar a sheiceáil agus á iarraidh ar an gCoimisiún tionscnamh reachtach a thíolacadh chun a cheangal ar na Ballstáit íosacmhainneacht leordhóthanach cigireachta saothair a áirithiú do gach earnáil ardriosca, i gcomhréir le tagarmharc EIS do chigire saothair amháin ar a laghad in aghaidh gach 10 000 oibrí;

10. á iarraidh an athuair[14] go ndéanfaí córas an Phas Eorpaigh Slándála Sóisialta (ESSPASS) a chur i bhfeidhm go pras agus go bhfeabhsófaí forfheidhmiú digiteach na gceart slándála sóisialta agus na soghluaisteachta cothroime, lena n-áirítear fíorú fíor-ama agus malartú faisnéise idir údaráis forfheidhmiúcháin chomh maith le ESSPASS a chomhtháthú le córais náisiúnta cártaí saothair láithreacha;

Pionós a ghearradh ar dhúshaothrú saothair

11. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur féidir le daoine aonair atá faoi réir toirmisc trádála i mBallstát amháin na srianta náisiúnta a sheachaint trí ghnó a chlárú agus a oibriú i mBallstát eile, rud a bhaineann an bonn den mhargadh aonair; á iarraidh

[12] Rún an 18 Eanáir 2024.
[13] Treoir 2006/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2006 maidir le coinníollacha íosta le haghaidh chur chun feidhme Rialachán (CEE) Uimh. 3820/85 ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85 ón gComhairle maidir le reachtaíocht shóisialta a bhaineann le gníomhaíochtaí iompair de bhóthar agus lena n-aisghairtear Treoir 88/599/CEE ón gComhairle (IO L 102, 11.4.2006, lch. 35, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2006/22/oj).
[14] Rún an 25 Samhain 2021.

ar an gCoimisiún aitheantas frithpháirteach uathoibríoch na dtoirmeasc trádála a áirithiú ar fud na mBallstát chomh maith le malartú tráthúil agus slán faisnéise ábhartha idir na Ballstáit;

12. á chur in iúl gur geal léi úsáid na gcoinníollachtaí sóisialta i scéimeanna agus cláir chistiúcháin náisiúnta agus Eorpacha a nascann íocaíochtaí leis an urraim do chearta oibrithe; á iarraidh ar an gCoimisiún cur leis an taithí a fuarthas ar choinníollacht shóisialta a chuimsiú sa chomhbheartas talmhaíochta chun a áirithiú go n-áireofar coinníollachtaí maidir le caighdeáin saothair Eorpacha i gcláir chistiúcháin AE;

°

° °

13. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Is iad na hoibrithe in earnálacha amhail foirgníocht, talmhaíocht, obair tí, iompar agus lóistíocht, próiseáil feola agus bia, seirbhísí glantacháin, fáilteachas agus obair chúraim cnámh droma ár ngeilleagair. Ag an am céanna, i bhformhór na dtíortha Eorpacha, is earnálacha iad sin atá céasta le leibhéil leanúnacha mí-úsáide, dúshaothraithe agus iomaíochta calaoisí, ina ndéantar dochar d'oibrithe agus do ghnóthaí dlisteanacha, go háirithe FBManna.

Nocht roinnt teagmhas tragóideach san ionad oibre le blianta beaga anuas ar fud na mBallstát fíorchostais dhaonna smacht a chailleadh ar cé atá freagrach ar deireadh as comhlíonadh bunchaighdeán sláinte agus sábháilteachta agus fostaíochta a áirithiú, ina luaitear ábhair imní bhunúsacha i dtaobh cuntasacht dhlíthiúil, inrianaitheacht agus rialú ar dhálaí oibre.

Ag an am céanna, tá rabhadh tugtha ag Europol go n-úsáideann beagnach gach ceann de na líonraí coiriúla is bagraí san Eoraip struchtúir dhlíthiúla ghnó chun bonn a dhéanamh i ngeilleagar na hEorpa, agus go bhfuil lóistíocht, gnóthaí atá dian ar airgead tirim agus foirgníocht buailte go háirithe.

I dtimpeallacht slándála an lae inniu, is féidir leis an easpa formhaoirseachta deiseanna a chur ar fáil chomh maith do ghníomhaithe naimhdeacha atá ag iarraidh faisnéis a fháil faoi bhonneagar criticiúil, nó cur isteach air, nó rochtain a fháil ar ionaid oibre atá íogair ó thaobh na slándála de.

Níl aon cúinse amháin ann a spreagann dúshaothrú saothair agus na rioscaí atá ann d'ionaid oibre na hEorpa. Tá athróga áirithe ann, áfach, a tharlaíonn arís agus arís eile i staidéir náisiúnta agus Eorpacha agus i dtuarascálacha ó údaráis forfheidhmithe. Orthusan tá an spleáchas méadaitheach ar shlabhraí fochonraitheoireachta fada casta agus idirghabháil saothair mhaslach a bheith ann. Fágann an dá chleachtas idirnasctha sin le chéile gur deacra do na húdaráis gníomhaithe calaoiseacha nó coiriúla a chosc agus a bhrath ó dhul isteach in ionad oibre.

I gcás go leor oibrithe agus gnóthaí ar an láthair, ní haon ionadh é sin. Is é an méadú ar ionaid oibre gan rialú leordhóthanach agus ina ndéantar freagracht a roinnt, a chaolú agus a bhrú le sruth is cúis leis an míshástacht le blianta fada.

Mar fhreagairt ar na dúshláin sin, rinne na Ballstáit iarracht cur leis, rialuithe a ghéarú agus gníomhaíocht a dhéanamh chun na cineálacha mí-úsáide is coitianta a chosc. Tá iarrachtaí déanta acu slabhraí fochonraitheoireachta fada a theorannú, ceanglais dliteanais a neartú, malartú faisnéise a mhéadú agus aonaid rialaithe shonracha a bhunú ina ndírítear ar dhúshaothrú agus mí-úsáid saothair a bhrath agus a dhíothú. Tá na comhpháirtithe sóisialta náisiúnta agus earnála tar éis cur leis an dúshlán chomh maith agus tá tionscnaimh uathrialacha glactha acu chun cabhrú lena n-earnálacha a ghlanadh chomh maith le brú a chur ar a rialtais níos mó a dhéanamh. Is léir go raibh éifeachtaí dearfa tábhachtacha ag na hiarrachtaí sin, ach is léir chomh maith nach leor é agus gur gá tuilleadh a dhéanamh.

Tá na dúshláin le brath go háirithe agus iad ag déileáil le cuideachtaí a oibríonn thar theorainneacha, ós rud é nár choinnigh comhar trasteorann idir na húdaráis forfheidhmithe, malartú faisnéise agus creataí dlíthiúla suas leis na forbairtí ar an láthair. Gan freagairt aontaithe Eorpach, éiríonn sé níos éasca do ghníomhaithe calaoiseacha agus coiriúla teacht i

dtír ar laigí an Mhargaidh Aonair. Tá roinnt cásanna ann chomh maith ina raibh dúshláin dhlíthiúla roimh na Ballstáit agus iad ag gníomhú i gcoinne dúshaothrú saothair agus chun iomaíocht chóir a áirithiú, go minic faoi threoir dhlí an Aontais.

Mar sin, is gá freagairt chomhordaithe ar an leibhéal Eorpach toisc dúshaothrú saothair i gcoitinne, agus cineálacha maslacha fochonraitheoireachta agus idirghabhála saothair go háirithe.

Chun freagairt rathúil a thabhairt ar na dúshláin sin, ní mór do shamhlacha gnó calaoiseoirí agus coirpeach a bheith neamhbhrabúsach, agus mar sin oibrithe a chosaint agus an saol a éascú do gach gnó atá géilliúil don dlí. Ba cheart an fhreagairt sin a bheith bunaithe ar thrí cholún:

1. Cosc, ina mbeidh sé chomh deacair agus is féidir dul i mbun gníomhaíochtaí calaoiseacha

2. Rialú, ina mbeidh an baol fionnachta chomh hard agus is féidir

3. Pionóis, ina gcinntítear go mbraithfidh na daoine a ghabhtar na hiarmhairtí go láidir

I ndeireadh na dála, tá súil agam go spreagfaidh an tuarascáil seo dlús a chur leis an gcomhrac i gcoinne dúshaothrú saothair agus béim á leagan ar chineálacha maslacha fochonraitheoireachta agus idirghabhála saothair, ina dtabharfar tacaíocht leathan ó gach taobh polaitiúil agus ó na comhpháirtithe sóisialta. Cé go bhféadfadh tuairimí éagsúla a bheith ann ar na réitigh bheachta, tá súil agam gur féidir linn go léir imeacht ón aitheantas comhroinnte go bhfuil na fadhbanna sin ar mhargadh saothair na hEorpa fíor, ag géarú agus go bhfuil aird phráinneach de dhíth.

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR

De bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir go bhfuil ionchur curtha san áireamh aige ina thuarascáil ar shaincheisteanna a bhaineann le hábhar an chomhaid a fuair sé, le linn ullmhú na dréacht-tuarascála, ó na hionadaithe leasa seo a leanas a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[1], nó ó na hionadaithe údarás poiblí tríú tíortha seo a leanas, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí:

1. Ionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach
3F Byggegruppen
3F Transport
BUSINESSEUROPE
Byggföretagen
Byggnadsarbetareförbundet
CEEMET
Cónaidhm Fhiontair na Sualainne
Oifig AE de Chónaidhm Cheardchumann na Danmhairge
Deutscher Gewerkschaftsbund
Cónaidhm Thógálaithe na hEorpa
Cónaidhm Thionscal Foirgníochta na hEorpa
Cónaidhm Eorpach na nOibrithe Tógála agus Adhmaid
Cónaidhm Eorpach na gCeardchumann Turasóireachta, Bia agus Talamhaíochta
Cónaidhm Eorpach na gCeardchumann
Institiúid Eorpach na gCeardchumann
Cónaidhm Oibrithe Iompair na hEorpa
Fagbevægelsens Hovedorganisation
Fastighetsanställdas Förbund
Friedrich-Ebert-Stiftung
Göteborgs Räddningsmission
HOTREC
IF Metall
IndustriAll
Kommunalarbetareförbundet
LO
LO Norge
NHO - Norway
Rättvist Byggande
Svensk Byggkontroll
Oifig Cheardchumainn na Sualainne
The Adecco Group

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj).

Transportarbetareförbundet
UNI Europa
Unionen
An Chónaidhm Dhomhanda Fostaíochta - an Eoraip
2. Ionadaithe ó údaráis phoiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí

Is faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara a dhéantar an liosta thuas a tharraingt suas.

I gcás ina sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta de réir ainm, feidhme nó an dá cheann, dearbhaíonn an rapóirtéir go ndearna sé Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do), a chur faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann, a leagann amach na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin.